BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra)

23 Deireadh Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir (AE) 2015/2302 – Taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha – Feidhmiú taistil láneagraithe – Neamhchomhlíonadh na seirbhísí arna soláthar – Airteagal 14(1) – Ceart chun laghdú iomchuí a fháil ar an bpraghas – Airteagal 14(2) – Ceart chun cúiteamh iomchuí a fháil – Airteagal 14(3)(b) – Imthosca lena gcuirtear cosc ar cheart an taistealaí chun cúitimh – Neamhchomhlíonadh na seirbhísí arna soláthar atá inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe agus nach féidir a thuar ná a sheachaint – Locht a léiriú – Airteagal 4 – Leibhéal an chomhchuibhithe – Aisíocaíocht iomlán d'ainneoin seirbhísí a cuireadh ar fáil go páirteach – Airteagal 1 – Ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí – Airteagal 25 – Pionóis – Airteagal 3(12) – Coincheap 'imthosca dosheachanta agus urghnácha' – Gníomh údaráis phoiblí)

I gCás C-469/24 [Tuleka][i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Sąd Rejonowy w Rzeszowie (Cúirt Dúiche, Rzeszów, an Pholainn), trí Chinneadh an 27 Márta 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 3 Iúil 2024, sna himeachtaí

B.F. (1),

B.F. (2)

v

Z. sp. z o.o.,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: E. Regan, ag feidhmiú mar Uachtarán an Dlísheomra, D. Gratsias agus B. Smulders (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na Polainne, arna ionadú ag B. Majczyna agus D. Lutostańska, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Seice, arna ionadú ag M. Smolek, S. Šindelková agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gréige, arna ionadú ag Z. Chatzipavlou agus C. Kokkosi, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag I. Rubene agus A. Szmytkowska, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú Airteagal 1, Airteagal 3(12), Airteagal 4 agus Airteagal 14(1) go (3) de Threoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO 2015 L 326, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs díospóid idir beirt taistealaithe, B.F. (1) agus B.F. (2), ar thaobh amháin, agus eagraí taistil, Z. sp. z. o.o., ar an taobh eile, maidir le héileamh ar aisíocaíocht agus cúiteamh arna dhéanamh ag na taistealaithe sin tar éis turas láneagraithe nár tharla mar a comhaontaíodh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Foráiltear don mhéid seo a leanas le haithrisí 3 agus 31 de Threoir 2015/2302:

‘(3) Foráiltear le hAirteagal 169(1) agus Airteagal 169(2)(a) [CFAE] go rannchuideoidh an tAontas le hardleibhéal cosanta tomhaltóirí a bhaint amach trí bhearta arna nglacadh de bhun Airteagal 114 [CFAE].

[...]

(31) Ba cheart do thaistealaithe a bheith in ann an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh tráth ar bith roimh thús an taistil ach táille foirceanta iomchuí inchosanta a íoc, lena gcuirtear san áireamh coigilteas costas agus ioncam a bhfuil coinne leo ó úsáid eile na seirbhísí taistil lena mbaineann. Ba cheart an ceart a bheith acu freisin an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc i gcás ina ndéanfaidh imthosca dosheachanta agus urghnácha difear mór d’fheidhmiú an turais láneagraithe. D’fhéadfaí a chumhdach leis sin, mar shampla, cogadh, fadhbanna tromchúiseacha slándála eile amhail

an sceimhlitheoireacht, rioscaí móra do shláinte an duine amhail ráig galair thromchúisigh ag ceann scríbe an taistil, nó tubaistí nádúrtha amhail tuilte, creathanna talún nó dálaí aimsire a fhágann nach féidir taisteal go sábháilte chuig an gceann scríbe mar a chomhaontaítear sa chonradh taistil láneagraithe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin, dar teideal 'Ábhar':

'Is é is cuspóir don Treoir seo rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh agus le baint amach leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a aonfhoirmí is féidir ach gnéithe áirithe de dhlíthe, de rialacháin agus d'fhorálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú i leith conarthaí idir taistealaithe agus trádálaithe a bhaineann le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo:

[...]

12 ciallaíonn "imthosca dosheachanta agus urghnácha" staid nach bhfuil aon neart ag an bpáirtí a agraíonn staid den sórt sin uirthi agus nach bhféadfaí a hiarmhairtí a sheachaint fiú dá mba rud é go ndearnadh gach beart réasúnta;

13 ciallaíonn "neamhchomhlíonadh" mainneachtain na seirbhísí taistil a áirítear i dtaisteal láneagraithe a fheidhmiú nó feidhmíocht mhíchuí na seirbhísí taistil sin;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 4, dar teideal 'Leibhéal an chomhchuibhithe', den Treoir sin:

'Mura bhforáiltear a mhalairt sa Treoir seo, ní dhéanfaidh na Ballstáit forálacha nach bhfuil i gcomhréir leo sin a leagtar síos sa Treoir seo a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta, lena n-áirítear forálacha ar mó nó ar lú a ndéine lena n-áireofaí leibhéal éagsúil cosanta do thaistealaithe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 13 de Threoir 2015/2302, dar teideal 'Dliteanas as feidhmiú taistil láneagraithe':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-eagraí freagrach as na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe a chomhlíonadh, gan beann ar cé acu an é an t-eagraí nó soláthraithe seirbhíse taistil eile a dhéanfaidh na seirbhísí sin.

Féadfaidh na Ballstáit forálacha a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta faoina bhfuil an miondíoltóir freagrach freisin as feidhmíocht taistil láneagraithe. Sa chás sin, beidh

feidhm *mutatis mutandis* maidir leis an miondíoltóir ag na forálacha d'Airteagal 7, de Chaibidil III, den Chaibidil seo agus de Chaibidil V atá infheidhme maidir leis an eagraí.

[...]

3. I gcás nach ndéantar aon cheann de na seirbhísí taistil i gcomhréir leis an gconradh taistil láneagraithe, déanfaidh an t-eagraí an neamhchomhlíonadh a leigheas, ach amháin:

(a) dá mbeadh sé dodhéanta a leithéid a dhéanamh; nó

(b) dá mbeadh costais dhíréireacha i gceist leis, agus méid an neamhchomhlíonta agus luach na seirbhísí taistil lena mbaineann á gcur san áireamh.

Mura leigheasann an t-eagraí an neamhchomhlíonadh i gcomhréir le pointe (a) nó pointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 14.

[...]

5. I gcás nach féidir cion suntasach de na seirbhísí taistil a sholáthar mar a comhaontaíodh sa chonradh taistil láneagraithe, tairgfidh an t-eagraí, gan aon chostas breise don taistealaí, socruithe malartacha oiriúnacha, i gcás inar féidir, de cháilíocht choibhéiseach nó de cháilíocht níos airde ná na cinn a shonraítear sa chonradh, chun leanúint den taisteal láneagraithe, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear filleadh an taistealaí ar an áit imeachta mar a comhaontaíodh.

I gcás ina mbeidh taisteal láneagraithe ar cháilíocht níos ísle ná an taisteal láneagraithe a shonraítear sa chonradh taistil láneagraithe mar thoradh ar na socruithe malartacha atá beartaithe, tabharfaidh an t-eagraí laghdú iomchuí ar an bpraghas don taistealaí.

Ní fhéadfaidh an taistealaí diúltú do na socruithe malartacha atá beartaithe ach amháin mura bhfuil siad inchomparáide leis an méid a comhaontaíodh sa chonradh taistil láneagraithe nó mura bhfuil an laghdú praghais a tugadh iomchuí.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 14 den Treoir sin, dar teideal 'Laghdú praghais agus cúiteamh ar dhamáistí':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an taistealaí i dteideal laghdú iomchuí ar an bpraghas le haghaidh aon tréimhse ina raibh neamhchomhlíonadh maidir leis na seirbhísí lena mbaineann, ach amháin má chruthaíonn an t-eagraí go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith an taistealaí.

2. Beidh an taistealaí i dteideal cúiteamh iomchuí a fháil ón eagraí as aon damáiste a rinneadh don taistealaí mar thoradh ar aon neamhchomhlíonadh. Íocfar cúiteamh gan moill mhíchuí.

3. Ní bheidh an taistealaí i dteideal cúiteamh a fháil má chruthaíonn an t-eagraí gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an neamhchomhlíonadh:

(a) go bhfuil sé inchurtha i leith an taistealaí;

(b) go bhfuil sé inchurtha i leith tríú páirtí nach bhfuil baint aige le soláthar na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe agus nach féidir é a thuar ná a sheachaint; nó

(c) gur tharla sé mar gheall ar imthosca dosheachanta agus urghnácha.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir Airteagal 25 den Treoir sin, dar teideal 'Pionóis':

'Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Polainne

10 Foráiltear leis an ustawa o imprezach turystycznych i powiązanych usługach turystycznych (Dlí maidir le himeachtaí turasóireachta agus seirbhísí turasóireachta nasctha) an 24 Samhain 2017 (Dz. U. de 2017, mír 2361), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('an Dlí maidir le taisteal'), in Airteagal 4:

'Chun críocha an Dlí seo:

[...]

(15) Ciallaíonn "imthosca dosheachanta agus urghnácha" imthosca nach bhfuil neart ag an bpáirtí a d'éiligh iad orthu agus nach bhféadfaí a n-iarmhairtí a sheachaint fiú dá nglacfaí na bearta réasúnacha go léir;

(16) Ciallaíonn "neamhchomhlíonadh" mainneachtain na seirbhísí taistil a áirítear i dtaisteal láneagraithe a fheidhmiú nó feidhmíocht mhíchuí na seirbhísí taistil sin;

[...]'

11 Foráiltear le hAirteagal 50 den Dlí sin:

'1. Beidh an taistealaí i dteideal laghdú ar an bpraghas le haghaidh aon tréimhse a bhfuarthas neamhchomhlíonadh lena linn, mura rud é gurb é gníomh nó neamhghníomh an taistealaí amháin ba chúis leis.

2. Beidh an taistealaí i dteideal cúiteamh a fháil as damáiste ábhartha nó neamhábhartha a fulaingíodh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh. Íocfaidh an t-eagraí an cúiteamh nó an leorghníomh gan mhoill.

3. Ní bheidh an taistealaí i dteideal cúiteamh nó leorghníomh a fháil i ndáil le neamhchomhlíonadh má léiríonn an t-eagraí an méid seo a leanas:

(1) go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith locht an taistealaí;

(2) go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith locht tríú páirtí nach raibh baint aige le soláthar na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe agus nach féidir an neamhchomhlíonadh sin a thuar nó a sheachaint; nó

(3) gur tharla an neamhchomhlíonadh mar gheall ar imthosca dosheachanta agus urghnácha.

[…]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

12 An 27 Iúil 2022, thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí conradh le haghaidh turas agus saoire ‘agus gach rud san áireamh’ in óstán cúig réalta san Albáin i gcrích leis an gcosantóir sna príomhimeachtaí, ar phraghas PLN 8 696 (thart ar EUR 2 048), don tréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 8 Meán Fómhair 2023.

13 Ar an gcéad lá den tsaoire sin, dúisíodh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí mar gheall ar an torann ón obair scartála ar an dá linn snámha san óstán sin. Mhair an obair sin ón gcéad lá go dtí an ceathrú lá den tsaoire sin, ó 7.30 go 19.30. D’ordaigh údaráis na hAlbáine iad agus rinneadh iad i láthair eagraíochtaí éagsúla meán agus na bpóilíní. Ag deireadh na n-oibreacha sin, bhí na linnte snámha sin, an phromanáid cois trá, imeall an uisce phábháilte le rochtain ar an bhfarraige agus an bonneagar cois trá leagtha go talamh.

14 Le linn na tréimhse céanna, d’fhan na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí i scuainí fada chun a mbéilí a fháil agus bhí orthu teacht ag tús na n-uaireanta a sonraíodh, ós rud é nár seirbheáladh ach líon beag béilí. Ina theannta sin, cuireadh deireadh leis an tseirbhís sneaiceanna, a bhí sceidealaithe le bheith ar siúl ag 17.00.

15 Ina theannta sin, le linn na 3 lá deireanacha den tsaoire atá i gceist, cuireadh tús leis an obair chun an cúigiú hurlár a chur leis an óstán atá i gceist. Is iad na hardaitheoirí a d’úsáid cliaint an óstáin sin a d’iompair na hábhair thógála ba ghá le haghaidh na n-oibreacha sin.

16 Tar éis na saoire sin, d’éiligh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ar an gcosantóir sna príomhimeachtaí cúiteamh de PLN 22 696 (thart ar EUR 5 346), a fhreagraíonn do PLN 8 696 (thart ar EUR 2 048) mar chúiteamh as an damáiste ábhartha a bhain dóibh mar gheall ar neamhchomhlíonadh éagórach an chonartha taistil láneagraithe atá i gceist ag an gcosantóir sna príomhimeachtaí, agus do PLN 14 000 (thart ar EUR 3 298), mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a bhain dóibh.

17 Chuir an cosantóir sna príomhimeachtaí i gcoinne na híocaíochta sin. D'áitigh sé, ós rud é gur toradh iad na hoibreacha scartála lena mbaineann ar chinneadh ó údaráis na hAlbáine a raibh air a chomhlíonadh, gur cuireadh in imthosca dosheachanta agus urghnácha é lena ndíolmhófaí é óna oibleagáid na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a chúiteamh. Cuireann sé in iúl freisin gur thairg sé dearbhán saoire dóibh ar fiú PLN 750 (thart ar EUR 165) é mar chúiteamh as neamhchomhlíonadh mar gheall ar na hoibreacha scartála sin.

18 Ar an gcéad dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, an bhfuil Airteagal 50(3)(2) den Dlí maidir le taisteal i gcomhréir le Treoir 2015/2302 a mhéid a fhoráiltear leis an bhforáil sin nach bhfuil an taistealaí i dteideal cúitimh i gcás neamhchomhlíonta má chruthaíonn an t-eagraí taistil go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith locht tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí taistil láneagraithe a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe agus nach féidir an neamhchomhlíonadh sin a thuar nó a sheachaint.

19 De réir na cúirte sin, eisiatar le hAirteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302 cúiteamh a thugann an t-eagraí taistil do thaistealaí má chruthaíonn an t-eagraí taistil go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe atá i gceist agus nach féidir an neamhchomhlíonadh a thuar nó a sheachaint, gan ceangal a bheith ar an eagraí sin locht an tríú páirtí sin a chruthú. Tá an oibleagáid atá ar an eagraí taistil locht tríú páirtí a chruthú, a leagtar síos in Airteagal 50(3)(2) den Dlí maidir le taisteal, contrártha leis an gcomhchuibhiú iomlán a dhéantar le Treoir 2015/2302, dá bhforáiltear in Airteagal 4 di, agus a dheimhnítear le léiriú stairiúil a eascraíonn as Airteagal 8 de Threoir 90/314/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1990 maidir le taisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe (IO 1990 L 158, lch. 59), a aisghaireadh le Treoir 2015/2302. Éilítear leis an gcoinníoll lochta scrúdú oibiachtúil, eadhon measúnú ar neamhdhleathacht an iompair, agus scrúdú suibiachtúil, eadhon measúnú ar iompar dhéantóir an iompair, gan foráil ina leith sin i dTreoir 2015/2302.

20 Ar an dara dul síos, ós rud é nár chuir an cosantóir sna príomhimeachtaí na seirbhísí dá bhforáiltear leis an gconradh taistil láneagraithe atá i gceist ar fáil do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ach go páirteach, tá amhras ar an gcúirt sin, faoi Airteagal 14(1) de Threoir 2015/2302, an féidir léi glacadh le hiarraidh na n-iarratasóirí ar aisíocaíocht an phraghais iomláin a d'íoc siad leis an gcosantóir sna príomhimeachtaí as a dtaisteal láneagraithe.

21 I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara, ó thaobh foclóireachta de, go n-áirítear leis na focail 'laghdú iomchuí ar phraghsanna' uaslaghdú agus, dá bhrí sin, go gceadófaí leis na téarmaí sin an praghas iomlán a íocann taistealaithe a aisíoc. Tá údar le huaslaghdú den sórt sin i gcás ina meastar gur sholáthair an t-eagraí taistil lena mbaineann seirbhís gan luach.

22 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, d'fhéadfadh údar a bheith leis an uaslaghdú sin freisin i gcás ina mbeadh ar phaisinéirí aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh tromchúiseach. Tacaíonn aithris 3 de Threoir 2015/2302, ónar léir gurb é cuspóir na Treorach sin rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach, leis an gcur chuige sin. I bhfianaise an chuspóra sin, ba cheart go bhfreagródh leibhéal neamhchomhlíonta nach mbeadh luach ar bith ag baint leis an tseirbhís a sholáthraíonn an t-eagraí taistil lena mbaineann do neamhchomhlíonadh tromchúiseach.

23 Mar sin féin, fiafraíonn an chúirt sin, i gcás inar thairbhigh paisinéirí de sheirbhísí íosta in ainneoin neamhchomhlíonadh tromchúiseach, an féidir glacadh le hiarraidh ó na taistealaithe sin ar aisíocaíocht an phraghais iomláin a d'íoc siad, ag féachaint do na cuspóirí atá á saothrú ag reachtas an Aontais. Measann sí nach mór é sin a bheith amhlaidh.

24 Ar an tríú dul síos, measann an chúirt sin, i bhfianaise na coinbhleachta atá ag fás agus atá i mbéal an phobail idir údaráis na hAlbáine agus úinéir an óstáin atá i gceist sna príomhimeachtaí, go bhféadfadh an cosantóir sna príomhimeachtaí a bheith freagrach, mar ghairmí, toisc nár thuar sé an choinbhleacht sin.

25 Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn sí an bhfuil an ceart chun laghdú iomchuí a fháil ar an bpraghas d'aon tréimhse neamhchomhlíonta agus an ceart chun cúiteamh iomchuí a fháil as aon damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh, dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2) de Threoir 2015/2302, beartaithe chun an chothromaíocht chonarthach idir na páirtithe lena mbaineann a athbhunú i gcás neamhchomhlíonta, agus chuige sin amháin, nó an bhfuil gné phionósach agus dhíspreagtha mar shaintréith de na cearta sin freisin chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú.

26 De réir na cúirte a rinne an tarchur, dá mba rud é gur measadh, le glacadh Threoir 2015/2302, go raibh sé beartaithe ag reachtas an Aontais freisin eagraithe taistil láneagraithe a dhíspreagadh ó ghlacadh le neamhchomhlíonadh, ní chuirfeadh an fíoras gur bhain tomhaltóirí tairbhe as seirbhísí áirithe cosc ar aisíocaíocht na suimeanna uile a d'íoc siad. Is féidir a cheangal ar eagraithe taistil anailís a dhéanamh ar an margadh taistil agus rioscaí nithiúla neamhchomhlíonta a fhíorú. Dá bhrí sin, bheadh cosaint iomlán do thomhaltóirí mar thoradh ar cheart chun laghdú iomchuí a fháil ar phraghsanna ós rud é go bhforáiltear do phionóis i gcásanna nach ndéantar an anailís sin i gceart.

27 Sa cheathrú háit agus ar deireadh, is mian leis an gcúirt sin a fháil amach an bhféadfadh gníomh údaráis phoiblí teacht faoin gcoincheap 'imthosca dosheachanta agus urghnácha' de réir bhrí Airteagal 3(12) de Threoir 2015/2302. I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara nach bhfuil smacht ag a sheolaí ar ghníomh den sórt sin, sa mhéid is go bhfuil an duine sin faoi réir an údaráis phoiblí lena mbaineann. Measann sí, áfach, go bhfuil an nós imeachta riaracháin as a n-eascraíonn glacadh gnímh den sórt sin bunaithe ar rialacha dlí, go maireann sé tréimhse áirithe ama agus go gceadaítear rannpháirtíocht sheolaí an ghnímh sin leis. Ina theannta sin, thabharfaí an deis don seolaí sin caingean a thionscnamh i gcoinne an bhirt sin. Ina theannta sin, tugann sí faoi deara, in aithris 31 de Threoir 2015/2302, go soiléiríonn reachtas an Aontais an coincheap 'imthosca dosheachanta agus urghnácha'. Áirítear leis seo, *inter alia*, cogadh, sceimhlitheoireacht, ráig tinnis thromchúisigh ag an gceann scríbe nó tubaistí nádúrtha amhail tuilte, creathanna talún nó dálaí aimsire a fhágann nach féidir taisteal go sábháilte chuig an gceann scríbe atá sonraithe sa chonradh taistil láneagraithe. Leis an liosta sin, ní féidir a mheas gur imthoisc dhosheachanta agus urghnách é gníomh údaráis phoiblí amhail cinneadh lena n-ordaítear cuid de bhonneagar turasóireachta a scriosadh.

28 Sna himthosca sin, chinn an Sąd Rejonowy w Rzeszowie (an Chúirt Dúiche, Rzeszowie, an Pholainn) na himeachtaí a chur ar fionraí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1 An bhfuil Airteagal 14(3)(b), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 de Threoir (AE) [2015/2302] le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar chur i bhfeidhm foráil den dlí náisiúnta amhail Airteagal 50(3)(2) den [Dlí maidir le taisteal] a mhéid a cheanglaítear leis an bhforáil sin go léireoidh an tionscnóir turais gur tríú páirtí a bhí lochtach as an neamhchomhlíonadh, rud nach raibh nasctha le seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil [láneagraithe] i gcás ina raibh an neamhchomhlíonadh neamh-intuartha nó dosheachanta?

2 An bhfuil Airteagal 14(1) de Threoir (AE) [2015/2302] le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar fhorálacha den dlí náisiúnta a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh sé a bheith de thoradh ar laghdú cuí ar phraghsanna le haghaidh aon tréimhse a raibh neamhchomhlíonadh ann go ndéanfar aisíocaíocht le taistealaithe mar gheall ar neamhchomhlíonadh tromchúiseach, in ainneoin gur úsáid taistealaithe cuid de na seirbhísí arna soláthar ag an tionscnóir turais?

3 An bhfuil Airteagal 14(1) agus (2) de Threoir (AE) [2015/2302] le léiriú sa chaoi go bhfuil éileamh ar laghdú praghsanna le haghaidh tréimhse ar bith a raibh neamhchomhlíonadh ann agus éileamh ar chúiteamh as aon damáiste ábhartha mar gheall ar neamhchomhlíonadh ceaptha chun an cothromas conarthach idir na páirtithe a chur ar ais, nó an bhfuil na héilimh sin pionósach freisin agus an bhfuil siad ceaptha chun cosc a chur ar an tionscnóir turais ligean do neamhchomhlíonadh a theacht chun cinn?

4 An bhfuil Airteagal 3(12) de Threoir (AE) [2015/2302] le léiriú sa chaoi nach dtagann beart arna ghlacadh ag na húdaráis phoiblí, lena n-áirítear cinneadh arna eisiúint ag ionadaí rialtais chun óstán a leagan, faoi choincheap na n-imthosca dosheachanta agus urghnácha? An gcaithfear Airteagal 3(12) de Threoir [2015/2302] a léiriú sa chaoi nach dtagann gníomhartha údaráis phoiblí, lena n-áirítear cinneadh ó ionadaí rialtais maidir le hóstán a scartáil, faoin gcoincheap “imthosca dosheachanta agus urghnácha”?’

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

29 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar fhoráil den dlí náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina bhfuil neamhchomhlíonadh na seirbhísí taistil láneagraithe inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí sin agus nach féidir a thuar ná a sheachaint, nach mór don eagraí taistil a léiriú gurb é locht an tríú páirtí sin is cúis leis an neamhchomhlíonadh sin chun dliteanas i leith an taistealaí a sheachaint.

30 Faoi Airteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302, níl an taistealaí i dteideal aon chúiteamh má chruthaíonn an t-eagraí go bhfuil neamhchomhlíonadh na seirbhísí a sholáthraítear inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe agus nach féidir an easpa sin a thuar nó a sheachaint.

31 In éagmais sainmhínithe, i dTreoir 2015/2302, ar na téarmaí ‘inchurtha i leith’ san fhoráil sin nó in aon tagairt shainráite, leis an Treoir sin, do dhlí na mBallstát chun brí na dtéarmaí sin a chinneadh, is gá na téarmaí sin a léiriú go neamhspleách, agus a ngnáthbhrí sa ghnáthchaint, an comhthéacs ina n-úsáidtear iad agus an cuspóir a shaothraítear leis an Treoir sin á gcur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Meitheamh 2023, *UFC – Que choisir agus CLCV*, C-407/21, EU:C:2023:449, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 30 Aibreán 2025, *Galte*, C-63/24, EU:C:2025:292, míreanna 28 agus 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 De réir a ghnáthbhrí sa ghnáthchaint, ciallaíonn na focail ‘inchurtha i leith’ duine gur tharla gníomh mar thoradh ar iompar an duine sin, gan a thabhairt le tuiscint gurb ionann an t-iompar sin agus sárú, d’aon ghnó nó le faillí, ar oibleagáid a fhorchuirtear ar an duine sin leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó le téarma conarthach. Dá bhrí sin, is fíor go gcumhdaítear leis na focail ‘inchurtha i leith tríú páirtí’ in Airteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302 freisin an cás ina bhfuil neamhchomhlíonadh na seirbhísí taistil mar thoradh ar ‘locht’ ar thaobh an tríú páirtí sin. Mar sin féin, tá brí níos leithne acu agus cuimsíonn siad an cás ina n-eascraíonn an neamhchomhlíonadh sin as iompar an tríú páirtí sin nach ‘locht’ é.

33 Dá réir sin, ag féachaint do ghnáthbhrí na bhfocal ‘inchurtha i leith’ in Airteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302, ní mór a mheas go gceadaítear leis an bhforáil sin eagraí taistil a dhíolmhú óna oibleagáid cúiteamh a thabhairt do thaistealaí, i gcás neamhchomhlíonadh na seirbhísí a sholáthraítear, má léiríonn sé go bhfuil an neamhchomhlíonadh sin inchurtha i leith tríú páirtí, gan é a bheith riachtanach a léiriú go bhfuil an neamhchomhlíonadh mar thoradh ar locht ar thaobh an tríú páirtí sin.

34 Tacaítear leis an léiriú sin leis an gcomhthéacs ina n-úsáidtear na téarmaí sin. Le hAirteagail 13 agus 14 de Threoir 2015/2302, atá mar chuid de Chaibidil IV di, dar teideal ‘Feidhmiú taistil láneagraithe’, bunaítear córas comhchuibhithe dliteanais chonarthaigh d’eagraithe taistil a bhfuil diandliteanas ó thaobh na n-eagraithe sin mar shaintréith díobh agus sainmhíniú sriantach ar na cásanna ina bhféadfaí iad a dhíolmhú ón dliteanas sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *FTI Touristik (Taisteal láneagraithe chuig na hOileáin Chanáracha)*, C-396/21, EU:C:2023:10, mír 25).

35 Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 13(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Dliteanas chun taistil láneagraithe a chomhlíonadh’, go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-eagraí taistil faoi dhliteanas i leith fheidhmiú na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe, gan beann ar cé acu an iad féin nó soláthraithe eile seirbhísí taistil a dhéanfaidh na seirbhísí sin. Sonraítear le mír 3 den Airteagal sin, i gcás nach gcomhlíontar ceann de na seirbhísí sin i gcomhréir leis an gconradh sin, nach mór don eagraí sin, i bprionsabal, na seirbhísí sin a leigheas agus, i gcásanna ina mainníonn an t-eagraí sin déanamh amhlaidh, go bhfuil an taistealaí lena mbaineann i dteideal laghdú ar an bpraghas agus cúiteamh a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) agus (2) den Treoir sin. Dá bhrí sin, tá an t-eagraí taistil, i bprionsabal, faoi dhliteanas i gcás neamhchomhlíonadh na seirbhísí taistil láneagraithe, gan beann ar aon locht a bheith ann a d’fhéadfadh a bheith déanta aige nó ag a sholáthraithe seirbhíse i bhfeidhmiú na seirbhísí sin.

36 Cé go mbunaítear le hAirteagal 14(2) de Threoir 2015/2302 prionsabal an diandliteanais ar thaobh an eagraí taistil as aon damáiste a d’fhulaing an taistealaí mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na seirbhísí a sholáthraítear, ceadaítear le mír 3 den Airteagal sin don eagraí sin dliteanas a sheachaint trína chruthú go dtagann an neamhchomhlíonadh sin faoi cheann de na trí chás a liostaítear go cuimsitheach i mír 3(a) go (c). Is coiteann do na trí chás sin go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith foinse lasmuigh den eagraí, eadhon i leith an taistealaí

féin, i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí taistil ná i leith imthosca eisceachtúla. Foráiltear le hAirteagal 14(3)(b) agus (c) an coinníoll breise nach mór go mbeadh neamhchomhlíonadh de dheasca tríú páirtí nó imthosca eisceachtúla dosheachanta. Ar an taobh eile, ní bhaineann aon cheann de na trí chás sin le 'locht'.

37 Ar deireadh, maidir leis an gcuspóir a shaothraítear le Treoir 2015/2302, is léir ó Airteagal 1 den Treoir sin gurb é atá sa chuspóir sin, *inter alia*, rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach. Leis an léiriú ar Airteagal 14(3)(b) den Treoir sin arna ghlacadh i mír 33 den bhreithiúnas seo, is féidir leibhéal cosanta tomhaltóirí den sórt sin a ráthú, ós rud é nach mór d'eagraí taistil ar mian leis, de bhun na forála sin, a bheith díolmhaithe ó dhliteanas mar gheall ar neamhchomhlíonadh na seirbhísí taistil atá i gceist, a léiriú ní hamháin go bhfuil an neamhchomhlíonadh sin ann mar gheall ar thríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí taistil sin, ach freisin go bhfuil an neamhchomhlíonadh neamh-intuartha nó dosheachanta. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcuspóir maidir le leibhéal cosanta tomhaltóirí den sórt sin a áirithiú faoin Treoir sin, ann féin, údar a thabhairt lena cheangal ar eagraí taistil locht tríú páirtí a léiriú chun dliteanas i leith an tomhaltóra lena mbaineann a sheachaint i gcás neamhchomhlíonta.

38 Thairis sin, ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 4 de Threoir 2015/2302 nach bhféadfaidh na Ballstáit, mura bhforáiltear a mhalairt, forálacha níos déine nó níos solúbtha a choimeád nó a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta atá ceaptha leibhéal cosanta níos déine nó níos solúbtha a áirithiú do thaistealaithe ná na forálacha a leagtar síos leis an Treoir sin agus nach bhfuil aon fhoráil sa Treoir lena gceadaítear do na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach nó a choinneáil atá ceaptha chun leibhéal cosanta a áirithiú do thaistealaithe atá éagsúil leis an leibhéal dá bhforáiltear in Airteagal 14(3)(b) di, ní fhéadfaidh na Ballstáit foráil den dlí náisiúnta a choimeád ná a ghlacadh faoina bhfuil eagraithe taistil díolmhaithe óna n-oibleagáid cúiteamh a dhéanamh i gcás neamhchomhlíonadh na seirbhísí taistil láneagraithe a sholáthraítear atá inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí sin, má chruthaíonn na heagraithe sin gur tharla an neamhchomhlíonadh sin mar gheall ar thríú páirtí agus nach féidir é a thuar ná a sheachaint.

39 Dá bhrí sin, cuirtear cosc le hAirteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302 ar fhoráil den dlí náisiúnta, amhail an fhoráil atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforáiltear nach bhfuil taistealaí i dteideal aon chúiteamh a fháil ón eagraí taistil lena mbaineann as neamhchomhlíonadh na seirbhísí taistil láneagraithe a sholáthraítear atá inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí sin, ach amháin má léiríonn an t-eagraí sin go bhfuil neamhchomhlíonadh ann mar gheall ar locht an tríú páirtí sin agus nach féidir é a thuar ná a sheachaint.

40 É sin ráite, agus an dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta é a léiriú a mhéid is féidir i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir na Treorach atá i gceist chun an toradh atá á lorg aici a bhaint amach agus, dá bhrí sin, chun Airteagal 288(3) CFAE a chomhlíonadh (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Plamaro*, C-196/23, EU:C:2024:596, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Mar a chuir an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, d'fhéadfaí léiriú den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais i gcás ina dtuigfí go gciallaíonn an téarma Polainnise 'locht', a úsáidtear in Airteagal 50(3) den Dlí maidir le taisteal, 'inchurtha i leith', de réir bhrí mhír 33 den bhreithiúnas seo, nach mór don chúirt a rinne an tarchur measúnú a dhéanamh air.

42 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar fhoráil den dlí náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina bhfuil

neamhchomhlíonadh seirbhísí taistil láneagraithe inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí sin agus nach féidir a thuar ná a sheachaint, nach mór don eagraí taistil a léiriú gurb é locht an tríú páirtí sin is cúis leis an neamhchomhlíonadh sin chun dliteanas i leith an taistealaí a sheachaint.

An dara ceist

43 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 14(1) de Threoir 2015/2302 a léiriú sa chaoi, fiú má bhain taistealaí tairbhe as cuid de na seirbhísí arna soláthar ag eagraí taistil, go bhféadfadh an laghdú iomchuí ar an bpraghas a bhfuil an taistealaí sin ina theideal i gcás neamhchomhlíonadh na seirbhísí sin a bheith ag freagairt d'aisíocaíocht iomlán ar phraghas an taistil láneagraithe lena mbaineann i gcás ina bhfuil an neamhchomhlíonadh sin tromchúiseach.

44 Faoi Airteagal 14(1) de Threoir 2015/2302, tá taistealaí 'i dteideal laghdú iomchuí ar an bpraghas le haghaidh aon tréimhse neamhchomhlíontacha maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear, mura gcruthaíonn an t-eagraí go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith an taistealaí'.

45 Dá bhrí sin, ní mór an laghdú praghais dá dtagraítear san fhoráil sin a bheith i gcomhréir leis an tréimhse iomlán ina dtarlaíonn an neamhchomhlíonadh. Ina theannta sin, measadh cheana nach mór an measúnú ar oiriúnacht an laghdaithe praghais sin, amhail cinneadh an neamhchomhlíonta, a dhéanamh go hoibiachtúil trí oibleagáidí an eagraí taistil lena mbaineann faoin gconradh taistil láneagraithe a tugadh i gcrích a chur san áireamh (breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *FTI Touristik (Taisteal láneagraithe chuig na hOileáin Chanáracha)*, C-396/21, EU:C:2023:10, mír 39).

46 Is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 14(1) agus Airteagal 3(13) de Threoir 2015/2302 nach bhfuil measúnú le déanamh ar an oibleagáid atá ar eagraithe taistil laghdú den sórt sin ar phraghsanna a dheonú ach amháin i bhfianaise na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe atá faoi réir neamhchomhlíonadh nó comhlíonadh míchuí, ar an tuiscint nach féidir na hoibleagáidí a eascraíonn, don eagraí taistil lena mbaineann, as conradh den sórt sin a léiriú go sriantach agus, dá bhrí sin, go n-áirítear leo ní hamháin na hoibleagáidí a shonraítear go sainráite sa chonradh sin, ach na hoibleagáidí a bhaineann leis a eascraíonn as cuspóir an chonartha sin freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *FTI Touristik (Taisteal láneagraithe chuig na hOileáin Chanáracha)*, C-396/21, EU:C:2023:10, míreanna 37 agus 38).

47 Dá bhrí sin, ní mór an measúnú ar oiriúnacht an laghdaithe praghais atá i gceist a bheith bunaithe ar mheastachán ar luach na seirbhísí taistil a áirítear sa taisteal láneagraithe lena mbaineann nach ndearnadh nó nach ndearnadh go mícheart, agus fad an neamhchomhlíonta nó an chomhlíonta mhíchuí sin agus luach an taistil láneagraithe sin á gcur san áireamh. Ní mór don laghdú ar phraghas an taistil láneagraithe sin freagairt do luach na seirbhísí taistil nach bhfuil i gcomhréir (breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *FTI Touristik (Taisteal láneagraithe chuig na hOileáin Chanáracha)*, C-396/21, EU:C:2023:10, mír 39). Dá thromchúisí atá an neamhchomhlíonadh nó an comhlíonadh míchuí, is ea is mó a chaithfidh an laghdú ar phraghsanna a bheith ann chun go measfar é a bheith iomchuí.

48 Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil na seirbhísí taistil go léir a sholáthraítear do thaistealaí neamhchomhlíontacha agus nach gcruthaíonn an t-eagraí taistil lena mbaineann go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith an taistealaí sin, tá an taistealaí sin i dteideal aisíocaíocht iomlán a fháil ón eagraí sin ar phraghas an taistil láneagraithe lena mbaineann, de bhun Airteagal 14(1) de Threoir 2015/2302.

49 Ina theannta sin, i bhfianaise chuspóir Threoir 2015/2302 maidir le rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 1 den Treoir sin, ní mór do thaistealaí a bheith i dteideal aisíocaíocht iomlán a fháil ar phraghas an taistil láneagraithe lena mbaineann, de bhun Airteagal 14(1) den Treoir sin, i gcás, cé gur soláthraíodh seirbhísí áirithe, ina bhfuil neamhchomhlíonadh na seirbhísí a sholáthraítear chomh tromchúiseach sin nach bhfuil aon chuspóir leis an taisteal láneagraithe sin a thuilleadh agus, dá bhrí sin, nach bhfuil an taisteal láneagraithe chun leasa an taistealaí sin go hoibiachtúil a thuilleadh. I gcás ina bhfuil an neamhchomhlíonadh sin chomh mór sin go bhfágann sé nach mbaineann na seirbhísí a soláthraíodh le hábhar agus nach bhfuil aon luach orthu, i bhfianaise ábhar an taistil láneagraithe sin, is ionann an neamhchomhlíonadh sin agus neamhchomhlíonadh *de facto* an taistil láneagraithe chéanna lena dtugtar ceart chun aisíocaíocht iomlán a fháil ar phraghas an taistil láneagraithe sin, de bhun na forála deiridh sin.

50 Sa chás seo, dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a mheas, i bhfianaise na n-imthosca uile, ar chaill taisteal láneagraithe na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí a chuspóir mar gheall ar na hoibreacha scartála, na hoibreacha tógála agus na sáruithe ar na seirbhísí lónadóireachta atá i gceist sna príomhimeachtaí agus, dá bhrí sin, nach raibh sé chun leasa na n-iarratasóirí sin go hoibiachtúil a thuilleadh. Má thagann an chúirt a rinne an tarchur ar an gconclúid sin, ní mór do na hiarratasóirí sin a bheith i dteideal, de bhun na reachtaíochta náisiúnta atá beartaithe chun Airteagal 14(1) de Threoir 2015/2302 a thrasuí i ndlí na Polainne, aisíocaíocht iomlán a fháil ar phraghas an taistil láneagraithe sin ón gcosantóir sna príomhimeachtaí, ina cháil mar eagraí taistil.

51 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist nach mór Airteagal 14(1) de Threoir 2015/2302 a léiriú sa chaoi, fiú má bhain taistealaí tairbhe as cuid de na seirbhísí arna soláthar ag eagraí taistil, go bhféadfadh an laghdú iomchuí ar an bpraghas a bhfuil an taistealaí sin ina theideal i gcás neamhchomhlíonadh na seirbhísí sin freagairt d'aisíocaíocht iomlán ar phraghas an taistil láneagraithe lena mbaineann i gcás ina bhfuil an neamhchomhlíonadh sin chomh tromchúiseach sin, ag féachaint dá chuspóir, nach bhfuil sé chun leasa an taistealaí sin go hoibiachtúil a thuilleadh.

An tríú ceist

52 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 14(1) agus (2) de Threoir 2015/2302 a léiriú sa chaoi go bhfuil sé beartaithe leis an gceart chun laghdú iomchuí a fháil ar an bpraghas le haghaidh aon tréimhse neamhchomhlíonta agus leis an gceart chun cúiteamh a fháil as aon damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh, dá bhforáiltear san fhoráil sin, an chothromaíocht chonarthach idir eagraithe taistil agus taistealaithe a athbhunú amháin, ag féachaint do na seirbhísí a sholáthraíonn na heagraithe sin go hiarbhír agus don phraghas a íocann na taistealaithe sin, nó an bhfuil sé i gceist leis na cearta sin freisin pionós a ghearradh ar na heagraithe sin chun iad a dhíspreagadh ó ghlacadh le neamhchomhlíonadh.

53 Ceistíonn Rialtas na Polainne inghlacthacht na ceiste sin ar an bhforas nach bhfuil na cúiseanna a bhfuil amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le hábhar na gceart sin soiléir go leordhóthanach ón ordú tarchuir.

54 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin atá sé, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais araon a chinneadh. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a cuireadh faoi bhráid na Cúirte le léiriú dhlí an Aontais, tá sé de dhualgas ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt (breithiúnas an 27 Meitheamh 2024, *Gestore dei Servizi Energetici*, C-148/23, EU:C:2024:555, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraitear).

55 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní fhéadfaidh an Chúirt diúltú rialú a thabhairt ar cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ag cúirt náisiúnta ach amháin má tá sé soiléir go leor nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú atá á lorg ar riail de chuid an Aontais le fíorais iarbhír na bpríomhimeachtaí ná lena gcuspóir, i gcás ina bhfuil an fhadhb hipitéiseach, nó i gcás nach bhfuil an t-ábhar fíorasach nó dlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh faoina bráid (breithiúnas an 27 Meitheamh 2024, *Gestore dei Servizi Energetici*, C-148/23, EU:C:2024:555, mír 30 agus an cásdlí a dtagraitear).

56 Tá sé soiléir go leor ón iarraidh ar réamhrialú gur mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach an bhfuil sé i gceist freisin le cearta taistealaithe chun laghdú ar phraghsanna agus ar chúiteamh iomchuí, dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) agus (2) de Threoir 2015/2302, pionós a ghearradh ar eagraithe taistil agus iad a dhíspreagadh ionas, agus méid an laghdaithe sin agus an cúiteamh sin á chinneadh, gur gá a chur san áireamh gurb é is cuspóir dóibh pionós a ghearradh ar na heagraithe sin. Dá réir sin, tá an tríú ceist inghlactha.

57 Maidir leis an bhfreagra atá le tabhairt ar an gceist sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ó fhoclaíocht Airteagal 14(1) agus (2) de Threoir 2015/2302, faoi réir na n-eisceachtaí a leagtar síos sna forálacha sin, nach mór do na Ballstáit a áirithiú, ar feadh aon tréimhse neamhchomhlíonadh na seirbhísí arna soláthar agus aon díobháil a rinneadh mar thoradh ar an neamhchomhlíonadh sin, go bhfuil taistealaithe i dteideal laghdú iomchuí ar phraghsanna agus cúiteamh ó eagraithe taistil faoi seach. Trí na cearta sin a thabhairt do thaistealaithe, fágann an fhoráil sin gur féidir an chothromaíocht chonarthach a bhí ann tráth a tugadh conarthaí taistil láneagraithe i gcrích a athbhunú sa chaoi go gceadaítear léi, ar an gcéad dul síos, a cheangal ar eagraithe taistil praghas a fhreagraíonn do na seirbhísí a soláthraíodh go hiarbhír a thabhairt ar ais agus, ar an dara dul síos, cúiteamh a fháil ó na heagraithe sin as an díobháil a bhain do na taistealaithe lena mbaineann mar gheall ar neamhchomhlíonadh na seirbhísí arna soláthar.

58 Ar an taobh eile, ní cheadaítear le foclaíocht Airteagal 14(1) agus (2) de Threoir 2015/2302 ná le comhthéacs na forála sin an tátal a bhaint go bhfuil deonú na gceart dá bhforáiltear san fhoráil sin do thaistealaithe beartaithe freisin chun pionós a ghearradh ar eagraithe taistil i gcás neamhchomhlíonta. Ní fhoráiltear leis an bhforáil sin ná le hAirteagal 13 den Treoir sin, lena leagtar síos córas comhchuibhithe dliteanais chonarthaigh do na heagraithe sin, go bhféadfaí damáistí pionósacha a fhorchur orthu. Le hAirteagal 25 de Threoir 2015/2302, lena bhforáiltear

go leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach sin, dearbhaítear nach é is cuspóir do na cearta sin a dheonú do thaistealaithe pionós a ghearradh ar na heagraithe sin.

59 Thairis sin, ní féidir le cuspóir Threoir 2015/2302 maidir le rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach, ann féin, údar a thabhairt le léiriú ar Airteagal 14(1) agus (2) den Treoir sin ar dá réir a bhfuil sé de chuspóir ag an bhforáil sin freisin pionós a ghearradh ar eagraithe taistil. Baintear leibhéal cosanta den sórt sin amach cheana féin leis an Treoir sin trí na cearta sin a thabhairt do thaistealaithe chun an chothromaíocht chonarthach idir iad agus na heagraithe sin a athbhunú i gcás nach bhfuil na seirbhísí a chuirtear ar fáil comhlíontach.

60 Ar na cúiseanna sin roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist nach mór Airteagal 14(1) agus (2) de Threoir 2015/2302 a léiriú sa chaoi go bhfuil sé beartaithe leis an gceart chun laghdú iomchuí a fháil ar an bpraghas le haghaidh aon tréimhse neamhchomhlíonta agus leis an gceart chun cúiteamh a fháil as aon damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh, dá bhforáiltear san fhoráil sin, an chothromaíocht chonarthach idir eagraithe taistil agus taistealaithe a athbhunú agus gan pionós a ghearradh ar na heagraithe sin.

An ceathrú ceist

61 Lena ceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 3(12) de Threoir 2015/2302 a léiriú sa chaoi nach dtagann cásanna a eascraíonn as gníomhartha údaráis phoiblí, amhail scartáil bonneagair turasóireachta de bhun cinneadh ó údarás poiblí, faoin gcoincheap ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ de réir bhrí na forála sin.

62 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go sainmhínítear an coincheap ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ le hAirteagal 3(12) den Treoir sin mar ‘c[h]ás nach bhfuil neart air ag an bpáirtí a agraíonn cás den sórt sin agus nárbh fhéidir a iarmhairtí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta’.

63 Soiléirítear raon feidhme an choincheapa sin in aithris 31 den Treoir sin ina sonraítear go bhféadfaí ‘a chumhdach [leis sin], mar shampla, cogadh, fadhbanna tromchúiseacha slándála eile amhail an sceimhlitheoireacht, rioscaí móra do shláinte an duine amhail ráig galair thromchúisigh ag ceann scríbe an taistil, nó tubaistí nádúrtha amhail tuilte, creathanna talún nó dálaí aimsire a fhágann nach féidir taisteal go sábháilte chuig an gceann scríbe mar a chomhaontaítear sa chonradh taistil láneagraithe’.

64 Thairis sin, chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil an coincheap ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ cosúil leis an gcoincheap ‘*force majeure*’ de réir bhrí imthosca neamhghnácha agus neamh-intuartha nach bhfuil neart ag an bpáirtí orthu, nach bhféadfaí a n-iarmhairtí a sheachaint d’ainneoin gach cúraim chuí. Dá bhrí sin, in ainneoin nach bhfuil aon tagairt i dTreoir 2015/2302 do *force majeure*, chinn an Chúirt go dtugtar léiriú nithiúil leis an gcoincheap ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ don choincheap ‘*force majeure*’ i gcomhthéacs na Treorach sin agus gurb ionann é agus cur chun feidhme uileghabhálach an choincheapa sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *UFC - Que choisir agus CLCV*, C-407/21, EU:C:2023:449, míreanna 54 agus 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 Thairis sin, chinn an Chúirt nach mbaineann an téarma ‘dosheachanta agus urghnácha’ dá dtagraítear in Airteagal 3(12) de Threoir 2015/2302 ach le cásanna nárbh fhéidir a thuar (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Feabhra 2024, *Tez Tour*, C-299/22, EU:C:2024:181, mír 74).

66 Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh cásanna a eascraíonn as gníomhartha údaráis phoiblí teacht faoin gcoincheap ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’, de réir bhrí Airteagal 3(12) de Threoir 2015/2302, ach amháin mura bhfuil neart ag an bpáirtí atá ag brath air ar na cásanna sin agus mura bhfuil iarmhairtí acu nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta, rud a thugtar le tuiscint nach mbaineann na himthosca sin leis an duine atá ag brath orthu agus nach féidir iad a thuar.

67 Go ginearálta, rialaítear glacadh gníomhartha údaráis phoiblí le rialacha nós imeachta agus substainteacha araon lena n-áirithítear, *inter alia*, go nglactar na gníomhartha sin ar bhealach trédhearcach tar éis leasanna éagsúla a chothromú. Thairis sin, is iondúil go mbíonn méid áirithe poiblíochta ann sula gcuirtear na gníomhartha sin chun feidhme. Dá bhrí sin, ní bhíonn na cásanna a eascraíonn as gníomhartha den sórt sin a ghlacadh neamh-intuartha go ginearálta.

68 Sa chás seo, measann an cosantóir sna príomhimeachtaí go bhfuil na hoibreacha scartála atá i gceist mar thoradh ar ghníomh d’údarás poiblí nach mór dó a chomhlíonadh, agus mar thoradh air sin go bhfreagraíonn an neamhchomhlíonadh a eascraíonn as an mbeart sin d’imthosca dosheachanta agus urghnácha lena scaoiltear é óna oibleagáid cúiteamh a íoc leis na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí.

69 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 14(3)(c) de Threoir 2015/2302, nach bhfuil an taistealaí i dteideal aon chúiteamh má chruthaíonn an t-eagraí gur imthosca dosheachanta agus urghnácha is cúis leis an neamhchomhlíonadh.

70 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheas, sa chás seo, ar chruthaigh scartáil an bhonneagair atá i gceist sna príomhimeachtaí, de bhun cinneadh ó údaráis na hAlbáine, staid nach raibh neart ag an eagraí taistil lena mbaineann uirthi agus a raibh iarmhairtí aici nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta. I ndáil leis sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a chinneadh, sular glacadh an cinneadh sin, ar cuireadh an t-eagraí sin nó bainisteoir an bhonneagair turasóireachta atá i gceist ar an eolas faoin nós imeachta ba chúis le glacadh an chinnidh sin, nó ar ghlac siad páirt sa nós imeachta sin fiú, nó ar cuireadh ábhar an chinnidh sin in iúl do na daoine sin sular cuireadh i bhfeidhm é. Is leor an fhaisnéis sin nó rannpháirtíocht an bhainisteora sin ós rud é, faoi Airteagal 13(1) de Threoir 2015/2302, go bhféadfar an t-eagraí sin a chur faoi dhliteanas i leith aon neamhchomhlíonadh arb iad a sholáthraithe seirbhísí taistil is cúis leis (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Márta 2021, *Kuoni Travel*, C-578/19, EU:C:2021:213, mír 35).

71 I gcás rannpháirtíocht nó faisnéis den sórt sin, ní féidir scartáil an bhonneagair atá i gceist a mheas mar scartáil nárbh fhéidir a thuar. Ní féidir neamhchomhlíonadh na seirbhísí a chuirtear ar fáil mar gheall ar an scartáil sin a mheas mar chás nach bhfuil neart ag an eagraí taistil lena mbaineann air agus nach bhféadfaí a hiarmhairtí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta. Má chuirtear an t-eagraí sin nó a sholáthraí seirbhísí ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin agus má tá a dhóthain ama ag an eagraí sin a bheith in ann, leis an dúthracht is gá, seirbhísí iomchuí eile a thairiscint don taistealaí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 13(5) de Threoir 2015/2302, sula gcuirfear an cinneadh sin chun feidhme, ní féidir a mheas nach bhféadfadh an t-eagraí sin na hiarmhairtí a eascraíonn as an gcinneadh sin a sheachaint. Sna himthosca sin, ní fhéadfaidh an scartáil sin teacht faoin gcoincheap ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ de réir bhrí Airteagal 14(3)(c) de Threoir 2015/2302.

72 De réir mar a bheidh, le hintuarthacht scartála an bhonneagair atá i gceist de bhun cinneadh ó údaráis na hAlbáine, chuirfí cosc freisin ar an eagraí taistil lena mbaineann a bheith díolmhaithe óna oibleagáid cúiteamh a thabhairt do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí de bhun Airteagal 14(3)(b) de Threoir 2015/2302, lena bhforáiltear nach bhfuil an taistealaí i dteideal aon chúiteamh má chruthaíonn an t-eagraí go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe agus go bhfuil an neamhchomhlíonadh sin neamh-intuartha nó dosheachanta.

73 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceathrú ceist nach mór Airteagal 3(12) de Threoir 2015/2302 a léiriú sa chaoi nach dtagann cásanna a eascraíonn as gníomhartha údaráis phoiblí a ghlacadh, amhail bonneagar turasóireachta a scartáil de bhun cinneadh ó údarás poiblí, faoin gcoincheap 'imthosca dosheachanta agus urghnácha', de réir bhrí na forála sin, i gcás inar glacadh na gníomhartha sin tar éis nós imeachta lenar cuireadh ar chumas na ndaoine lena mbaineann, amhail an t-eagraí taistil lena mbaineann nó aon soláthraithe seirbhísí taistil, a bheith ar an eolas fúthu in am trátha sula ndearnadh iad.

Costais

74 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Ghinearálta (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 14(3)(b) de Threoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar Airteagal 4 den Treoir sin,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leis ar fhoráil sa dlí náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina bhfuil neamhchomhlíonadh na seirbhísí taistil láneagraithe inchurtha i leith tríú páirtí nach mbaineann le soláthar na seirbhísí sin nach féidir a thuar ná a sheachaint, nach mór don eagraí taistil a léiriú gurb é locht an tríú páirtí sin is cúis leis an neamhchomhlíonadh sin chun dliteanas i leith an taistealaí a sheachaint.

2. **Maidir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2015/2302,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   fiú má bhain taistealaí tairbhe as cuid de na seirbhísí arna soláthar ag eagraí taistil, féadfaidh an laghdú iomchuí ar an bpraghas a bhfuil an taistealaí sin ina theideal i gcás neamhchomhlíonadh na seirbhísí sin freagairt d'aisíocaíocht iomlán ar phraghas an taistil láneagraithe lena mbaineann i gcás ina bhfuil an neamhchomhlíonadh sin chomh tromchúiseach sin, ag féachaint dá chuspóir, nach bhfuil sé chun leasa an taistealaí sin go hoibiachtúil a thuilleadh.

3. Maidir le hAirteagal 14(1) agus (2) de Threoir 2015/2302,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tá sé beartaithe leis an gceart chun laghdú iomchuí a fháil ar an bpraghas le haghaidh aon tréimhse neamhchomhlíonta agus leis an gceart chun cúiteamh a fháil as aon damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh, dá bhforáiltear san fhoráil sin, an chothromaíocht chonarthach idir eagraithe taistil agus taistealaithe a athbhunú agus gan pionós a ghearradh ar na heagraithe sin.

4. Maidir le hAirteagal 3(12) de Threoir 2015/2302,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní thagann cásanna a eascraíonn as gníomhartha údaráis phoiblí a ghlacadh, amhail bonneagar turasóireachta a scartáil de bhun cinneadh ó údarás poiblí, faoin gcoincheap 'imthosca dosheachanta agus urghnácha', de réir bhrí na forála sin, i gcás inar glacadh na gníomhartha sin tar éis nós imeachta lenar cuireadh ar chumas na ndaoine lena mbaineann, amhail an t-eagraí taistil lena mbaineann nó aon soláthraithe seirbhísí taistil, a bheith ar an eolas fúthu in am trátha sula ndearnadh iad.

Sínithe